Fuair an Chúirt 1141 achomharc agus atreorú in 2023 a bhí beagnach mar an gcéanna leis an líon a fuarthas in 2022, ba é sin 1138. As an 1141 a fuarthas in 2023, ba achomhairc a bhain le cearta fostaíochta iad 788 (69%) acu agus ba achomhairc agus atreoruithe caidrimh thionsclaíoch iad 353 (31%) acu. Léiríonn an patrún atreoraithe seo – cearta fostaíochta in aghaidh caidreamh tionsclaíoch – leanúint den treocht a breathnaíodh tar éis ritheadh an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Bhain na hábhair go léir a bhain le hachomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe sa dlí fostaíochta le díospóidí aonair, cé gur minic a bhíonn díospóidí idir grúpaí oibrithe agus a bhfostóir i gceist le hatreorú caidrimh thionsclaíoch.

Bhí 1,513 éisteacht sceidealaithe ag an gCúirt in 2023, lena n-áirítear éisteachtaí achomharc a fuarthas in 2023 agus blianta roimhe sin chomh maith leo siúd a athsceidealaiódh tar éis an chéad éisteacht sceidealaithe a chur siar nó a chur ar atráth. Tá an líon seo i gcomparáid le 1,485 éisteacht a bhí sceidealta in 2022.

Tarraingíodh siar 753 achomharc chuig an gCúirt in 2023, arb ionann é sin agus méadú 60% ar an líon a tarraingíodh siar in 2022 (457). As na 753 a tarraingíodh siar in 2023, tarraingíodh siar 486 tar éis dáta éisteachta a leithdháileadh ar na páirtithe i gcomparáid le 294 in 2022. Bhí 297 iarratas ar éisteachtaí sceidealta a chuir siar, laghdú ó 447 in 2022. In 2023, d’eisigh an Chúirt 425 moladh/socrú/cinneadh. Ina theannta sin, rinne an Chúirt imscrúdú ar 70 achomharc/atreorú a socraíodh ar deireadh sular eisíodh cinneadh.

Cuireann patrún an éilimh ó pháirtithe ar atráth agus éisteachtaí sceidealta a chuirtear ar atráth mar aon leis an bpatrún aistarraingthe achomharc díreach roimh dháta agus am na héisteachta sceidealta dúshlán mór roimh iarrachtaí na Cúirte éisteacht a chur ar fáil do pháirtithe chomh luath agus is féidir tar éis atreoraithe nó achomhairc. Is cur isteach an-chostasach ar chlár na Cúirte é cailteanas do-aisghabhála am éisteachta na Cúirte mar thoradh ar tharraingt siar achomhairc ar gearrfhógra.

Is é taithí na Cúirte nach dtagann cuid shuntasach d'iarratais ar éisteachtaí sceidealta a chur siar ó infhaighteacht na bpáirtithe díospóide iad féin ach óna n-ionadaithe a lorgaíonn go ndéanfaí clár na Cúirte a leasú agus a choigeartú trí thagairt don sceideal oibre nó clár gníomhaíochtaí eile an ionadaí. Is gnách go mbíonn moill shuntasach ar atreorú / achomharc na bpáirtithe a éisteacht agus a thabhairt chun críche mar thoradh ar aon éisteacht sceidealta a chur siar.

Ba é líon na n-éisteachtaí a réachtáladh sa Seomra Cúirte Fíorúil in 2022 ná 34, agus éisteachd 8 gcás ag baint úsáide as an tsaoráid Seomra Cúirte Hibride a cuireadh ar fáil i lár 2023. Tá sé ar intinn ag an gCúirt leanúint ar aghaidh leis na foirmeacha nua d'ionaid seomra cúirte seo a chur ar fáil do pháirtithe amach anseo.

Ceanglaíonn alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail 1946 ar an gCúirt Oibreachais athbhreithniú a dhéanamh ar gach Comhchoiste Oibreachais (CCO) uair amháin ar a laghad gach cúig bliana tar éis thosach feidhme an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012. Críochnaíodh athbhreithniú den sórt sin an 20 Aibreán 2018 agus mar sin, bhí athbhreithniú dlite faoin 19 Aibreán 2023. Críochnaíodh an t-athbhreithniú sin ar an 12 Aibreán 2023 agus mhol an Chúirt go gcoinneofaí gach CCO a bhí mar ábhar don Athbhreithniú.

Bhí sé de phribhléid ag an gCúirt Oibreachais an 24ú cruinniú bliantúil de líonra EIS de Bhreithiúna na Cúirte Oibreachais Eorpacha a óstáil i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2023. Ghlac toscairí ó ar fud na hEorpa páirt, agus tharla plé suimiúil, lena n-áirítear plé ar an laghdú ar líon na n-atreoruithe chuig binsí reachtúla ar fud na ndlínsí éagsúla.

Teicneolaíocht sa Seomra Cúirte

Bhí 2 phríomhfhorbairt bonneagair sa Chúirt Oibreachais in 2023 – ba é an chéad cheann ná uasghrádú ar an mbonneagar i gceann dár Seomraí Cúirte, chun freastal ar chianfhinnéithe nó páirtithe ar éisteachtaí. Críochnaíodh é seo i mí Iúil 2023. Ba é an dara forbairt ná córas nua Cásbhainistithe a críochnaíodh i mí na Samhna 2023. Soláthraíonn an córas nua seo ardán cuimsitheach chun gníomhaíochtaí na Cúirte a bhainistiú, a thaifeadadh agus anailís a dhéanamh orthu agus chun atreorú agus achomharc ar líne a éascú go díreach ó pháirtithe.

Tháinig an toradh a rabhtas ag súil leis ar éisteacht le cásanna i seomra cúirte fisiciúil i gcrích in 2023 agus laghdaíodh líon na gcásanna a éisteachd i Seomra Cúirte Fíorúil go 5% i gcomparáid le 39% in 2022. Mar sin féin, le tiomantas na Cúirte do sheirbhís inrochtana a sholáthar dá húsáideoirí, beidh úsáid leanúnach á baint as an teicneolaíocht ionas gur féidir le daoine freastal ar éisteachtaí ó áiteanna iargúlta. Cuireadh an áis chun Éisteachtaí Cúirte Hibride a réachtáil, áit ar féidir le páirtí freastal ar éisteacht fhisiciúil go fíorúil, ar fáil i lár 2023. Réachtáladh ocht n-Éisteacht Hibride in 2023 agus cuireann an fhorbairt ar úsáid na háise seo amach anseo go dearfach leis na roghanna atá ar fáil don Chúirt agus dá húsáideoirí agus cuireann sé feabhas ar sheachadadh na seirbhíse poiblí.

Athruithe ar Chomhaltas Cúirte le linn 2023

Chuaigh Arthur Hall, comhalta ionadaíoch oibrithe, ar scor an 7 Iúil 2023 tar éis dul in éag dá théarma oifige. Bhí post ag Arthur mar chomhalta ionadaíoch oibrithe ó ceapadh é i mí Iúil 2017. Chuir an tUasal Hall go mór le hobair na Cúirte le linn a théarma lena n-áirítear trí am dúshláin agus athraithe a tharla de bharr na tréimhse suaite a tharla de bharr na paidéime sláinte domhanda.

Chuaigh Tom Geraghty ar scor mar Leas-Chathaoirleach na Cúirte an 29 Deireadh Fómhair 2023 tar éis dul in éag dá théarma oifige. Ceapadh an tUasal Geraghty mar Leas-Chathaoirleach i mí

Dheireadh Fómhair 2018 tar éis tar éis a ghairmréim mór le rá i ngluaiseacht na gceardchumann agus d'fheidhmigh sé le gradam ar an gCúirt le linn a théarma oifige.

Tar éis deireadh a chur le téarma oifige an Uasail Geraghty agus an Uasail Hall araon, chinn an tAire athbhreithniú a dhéanamh ar ualach oibre agus acmhainní na Cúirte ag an am sin. Rinneadh an measúnú ar ualach oibre agus acmhainní i gcomhthéacs ghealltanais an Aire chun a chinntiú go leanfadh an Chúirt le hacmhainní leordhóthanacha a bheith aici chun a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh gan aon mhoill mhírreasúnta ag eascairt as diúscairt achomharc agus atreoruithe.

Chuidigh an Chúirt leis an measúnú sin ar ualach oibre agus acmhainní ag an Aire in 2023. I ndeireadh na dála chinn an tAire, ag féachaint don mheasúnú sin, nach líonfaí folúntais a thiocfadh chun cinn sa Chúirt ag an am sin. Ag teacht ar an gconclúid sin, dheimhnigh an tAire don Chúirt go mbeadh an cheist fós faoi athbhreithniú gníomhach ag féachaint d'ualach oibre na Cúirte de réir mar a tháinig sé chun cinn le himeacht ama.

Ba é éifeacht an chinnidh sin go laghdófaí líon rannáin na Cúirte ó cheithre cinn go trí cinn faoi dheireadh ráithe a haon in 2024.

Agus an cinneadh seo á dhéanamh aige, dheimhnigh an tAire don Chúirt go gcuirfí acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Chúirt amach anseo chun a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach gan mhoill a bheith ann mar gheall ar neamhdhóthanacht acmhainní.

Aitheantas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach Chomhaltaí agus fhoireann na Cúirte Oibreachais le linn 2023. Is í an tosaíocht leanúnach do chomhaltaí agus don fhoireann ná seirbhís phoiblí den scoth a sholáthar.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an Ceannaire Riaracháin, Uasal Bernie Byrne, domsa agus don Chúirt i rith na bliana. Lean a ceannaireacht ar fhoireann riaracháin thiomanta éifeachtach na Cúirte de bheith mar bhonn agus mar thaca ag oibriú rianúil na Cúirte le linn 2023.

Tá an tacaíocht a thugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don Chúirt ríthábhachtach do sheachadadh feidhmeanna reachtúla na Cúirte. D'fhan caidreamh na Cúirte leis an Roinn cuiditheach i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí na Roinne, agus lena comharba sa ról, Declan Hughes, as an tacaíocht riachtanach sin a sholáthar, agus buíochas a ghabháil le Dermot Mulligan, Ard-Rúnaí Cúnta sa Rialáil san Ionad Oibre agus san Imirce Eacnamaíoch (WREM) freisin as ucht a thacaíochta i rith na bliana. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don tacaíocht riachtanach agus éifeachtach i gcónaí a thug Tara Coogan, Príomhoifigeach agus a foireann i rannán WREM na Roinne.

Kevin Foley
Cathaoirleach

Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais

1.1 Réamhrá ginearálta

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais leis an Acht Caidrimh Thionscail 1946 le feidhmeanna deartha chun cabhrú le réiteach saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch. Feabhsaíodh freagrachtaí agus ról na Cúirte go mór thar na blianta mar thoradh ar an méadú ar reachtaíocht fostaíochta náisiúnta agus Eorpach, lena n-áirítear achtú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, a fhorálann go bhfuil dlínse achomhairc amháin ag an gCúirt Oibreachais anois i ngach díospóid a eascraíonn faoi achtacháin cearta fostaíochta.

Is féidir ról na Cúirte a roinnt go leathan idir a cuid oibre caidrimh thionsclaíoch (na saincheisteanna sin a thagann chun na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre ar chearta fostaíochta (na cásanna / achomhairc sin a tarchuireadh chuici faoi aon cheann de na Cearta Fostaíochta reachtanna).

Ráiteas Misin na Cúirte Oibreachais

Socruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus chun achomhairc i ndíospóidí a chinneadh bunaithe ar an dlí fostaíochta.

1.2 Caidreamh Tionsclaíoch

Foráiltear leis na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 do rannpháirtíocht na Cúirte Oibreachais sa réimse caidrimh thionscail, agus áirítear leis seo:

Imscrúdú ar Dhíospóidí Caidrimh Thionscail

Beidh cuid mhór de na díospóidí caidrimh thionsclaíoch a thagann chun na Cúirte lena n-imscrúdú cheana féin ina n-ábhar iarrachtaí chun réiteach comhaontaithe a bhaint amach trí chomhréiteach ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO). Déantar díospóid a 'tharchur' chuig an gCúirt nuair a iarrann an dá pháirtí ar an gCúirt an díospóid a imscrúdú. Nuair a dhéantar an t-iarratas sin réachtáilfaidh an Chúirt éisteacht, agus ina dhiaidh sin féadfaidh sí, agus go hiondúil, 'Moladh' a eisiúint ina leagfar amach tuairim na Cúirte, bunaithe ar thuillteanais na díospóide, maidir leis an gcaoi ar cheart an díospóid a réiteach. Níl an moladh ina cheangal ar na páirtithe, ach táthar ag súil go ndéanfaidh páirtithe breithniú tromchúiseach agus ceart ar an moladh a d'iarr siad níos luaithe, ón gCúirt Oibreachais mar '*Chúirt na rogha dheiridh um chaidreamh tionscail*'.

Mar mhalairt ar dhul ar aghaidh trí chomhréiteach leis an CCÁO, féadfaidh páirtí amháin nó an dá pháirtí díospóidí, de réir alt 20 den Acht Caidrimh Thionscail 1969, a tharchur go díreach chuig an gCúirt agus gealltanas tugtha don Chúirt roimh ré ag an bpáirtí atreoraithe chun glacadh le moladh na Cúirte san ábhar.

Tá forálacha speisialta faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001 go 2015 a bhaineann le díospóidí nuair nach bhfuil socruithe caibidlíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás den sórt sin, tá sé

de chumhacht ag an gCúirt moladh a eisiúint tar éis a himscrúdaithe, agus, mura gcloítear le téarmaí an mholta, ‘Cinneadh’ infhorghníomhaithe a eisiúint ar iarratas.

Achomhairc in aghaidh Moltaí an Oifigigh Bhreithnithe

Féadfar díospóid caidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin, nó líon beag oibríthe a tharchur ar dtús chuig Oifigeach Breithnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre le haghaidh Moladh de réir alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail 1969. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne Moladh an Oifigigh Bhreithnithe agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt ‘Cinneadh’ atá ina cheangal ar na páirtithe.

Clárú Comhaontuithe Fostaíochta

Déantar cur síos ar obair na Cúirte sa réimse seo níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Go ginearálta, is éard a bheidh i gceist leis ná go glóróidh an Chúirt comhaontú maidir le pá agus coinníollacha fostaíochta oibríthe d’aon aicme, cineál nó grúpa, déanta idir ceardchumann, nó ceardchumainn oibríthe agus fostóir amháin nó níos mó, nó ceardchumann fostóirí nach bhfuil ina cheangal ach ar na páirtithe sa chomhaontú maidir le hoibríthe den aicme, den chineál nó den ghrúpa sin.

Clárú Comhaontuithe

Formheasann an Chúirt comhaontuithe comhchoiteanna freisin de réir Alt 24 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus de réir an Sceidil a ghabhann leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001. Ní raibh aon chomhaontuithe ceadaithe faoi alt 24 d’Acht 1997 nó de réir an Sceidil d’Acht 2001 in 2022.

Orduithe Fostaíochta Earnála

Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Chúirt Oibreachais scrúdú a dhéanamh ar phá, pinsin agus teidlíochtaí pá breoiteachta oibríthe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí sin, moladh a dhéanamh don Aire ar an ábhar. Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais:

- Ceardchumann oibríthe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibríthe i gcomhpháirt le ceardchumann, nó eagraíocht fostóirí

Caithfidh ceardchumann na n-oibríthe agus eagraíocht na bhfostóirí a bheith ionadaíoch go mór ar na hoibríthe agus na fostóirí san earnáil lena mbaineann an t-iarratas.

Más rud é, tar éis moladh a fháil ón gCúirt, go bhfuil an tAire sásta go bhfuil an próiseas dá bhforáiltear san **Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015** comhlíonta ag an gCúirt Oibreachais, déanfaidh sé/sí an tOrdú. I gcás go ndéanfar ordú den sórt sin beidh sé ina cheangal ar fud na hearnála lena mbaineann sé.

Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta

Cuimsíonn Comhchoiste Oibreachais (CCO) ionadaithe fostóirí agus oibríthe san earnáil tionscail ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Tá Comhchoiste Oibreachais go hiomlán neamhspleách ar an gCúirt Oibreachais i gcomhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla. Nuair a thagann sé ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha gur chóir a bheith cumhdaithe in Ordú Rialaithe Fostaíochta, foilsíonn an CCO sonraí agus lorgaíonn sé aighneachtaí ón bpobal. Tar éis aon aighneachtaí a

bhreithniú, féadfaidh an Coiste moltaí a dhéanamh don Chúirt chun Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) a dhéanamh.

Tar éis moladh den sórt sin a fháil féadfaidh an Chúirt Oibreachais Moladh a dhéanamh don Aire.

Is ionstraim reachtúil é ORF a leagann amach pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid shonraithe, nó le catagóirí oibríthe in earnáil ar leith. De bhun moltaí a fuarthas ón CCO don earnáil sin atá glactha ag an gCúirt Oibreachais, féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ordú a dhéanamh ag deimhniú téarmaí an ORF, má tá sé/sí sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní foláir gach ordú a dhéanfaidh an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfar é a chur ar neamhní le rún ó cheachtar Teach.

Cóid Chleachtais

Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail 1990 foráil maidir le dréacht 'Cóid Chleachtais' a ullmhú ag an gCoimisiún le cur faoi bhráid an Aire maidir le caidreamh tionscail. I gcás ina bhfuil cód den sórt sin i bhfeidhm, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun a théarmaí a léirmhíniú. Chomh maith leis sin, féadfar gearán a dhéanamh leis an gCúirt maidir le sárú ar chód.


1.3 Cearta fostaíochta

Is éard atá i gceist le príomhobair na Cúirte i réimse na gceart fostaíochta ná feidhmiú mar an comhlacht achomhairc aonair chun achomharc a dhéanamh ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe an CCÁO arna ndéanamh faoi achtacháin um chearta fostaíochta.

1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais

An Chúirt Oibreachais

Ag tús 2023 bhí 13 chomhalta lánaimseartha sa Chúirt Oibreachais: Cathaoirleach, ceathrar Leas-Chathaoirligh agus ochtar Gnáthchomhaltaí, ceathrar acu ar Chomhaltaí Fostóra iad agus ceathrar Comhaltaí Oibrithe. Ba é cinneadh an Aire in 2023, tar éis measúnú a dhéanamh ar obair a bhí idir lámha ag an RFTF, nach líonfaí folúntais a thiocfadh chun cinn sa Chúirt sa chaoi is go laghdófaí, i bhfeidhmiú, líon rannán na Cúirte ó cheithre cinn go trí cinn faoi dheireadh ráithe a haon 2024.





Grianghraf den Chúirt agus den Chláraitheoir i mí Eanáir 2023.


Ina seasamh: Clé go deis – Jacqui Kelly, Peter Murphy, Paul P. Bell, Sylvia Doyle, Gavin Marie, Arthur Hall, Clare Tracey, Paul O’Brien agus Linda Tanham.

Ina suí: Clé go deis – Tom Geraghty, Louise O’Donnell, Kevin Foley, Katie Connolly agus Alan Haugh.

Tabhair do d’aire: Ceapadh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an Cláraitheoir tar éis comórtais phoiblí a bhí á chomhordú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a cheapann Gnáthchomhaltaí tar éis ainmniúchán Comhaltaí Fostóirí ag IBEC agus ainmniúchán Comhaltaí Oibrithe ag an ICTU.

Éisteacht

Tionólaíonn Rannán den Chúirt a cheapann an Cathaoirleach chun na críche sin gach éisteacht den Chúirt. Tá Rannán den Chúirt comhdhéanta de Chathaoirleach (nó Leas-Chathaoirleach) na Cúirte, Comhalta Oibrithe agus Comhalta Fostóra.




Clárúitheoir

Is é Clárúitheoir na Cúirte Oibreachais, atá ina Shealbhóir Oifige Reachtúil, comhairleoir dlí na Cúirte agus cuireann sé seirbhísí dlí agus comhairle ar fáil don Chúirt Oibreachais agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

Riarachán na Cúirte Oibreachais

Tacaítear leis an gCúirt Oibreachais ina feidhm ó sheirbhís riaracháin ina bhfuil fostaithe buana ar státseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunaíocht foirne na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá sannta don Chúirt Oibreachais faoi láthair.




Caibidil 2 An Bhliain faoi Athbhreithniú

2.1 Ceannlínte

Le linn 2023, rinne an Chúirt Oibreachais an méid seo a leanas:

- Fuair sí 1141 achomharc/atreorú;
- Sceidealaíodh 1513 éisteacht;
- Deonaíodh 297 cur siar;
- Cuireadh 1248 cás i gcrích (cásanna a cinneadh, a socraíodh nó a tarraingíodh siar); agus
- Bhí 234 achomharc / atreorú réidh le bheith cláraithe ag deireadh 2023.

Fíor 1: Gníomhaíochtaí ceannlíne




2.2 Achomhairc chun na Cúirte

Ar an iomlán, bhí líon na n-achomharc chuig an gCúirt Oibreachais in 2023 fós seasmhach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 1138 go 1141).

B'ionann Atreoruithe agus Achomhairc faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2015 agus 31% d'iomlán na n-atreoruithe / achomhairc. Léirigh an aicme atreoraithe / achomhairc seo méadú foriomlán de 43% i gcomparáid le líon na n-achomharc dá leithéid a fuarthas in 2022 (ó 247 go 353).

B'ionann achomhairc faoi reachtaíocht cearta fostaíochta agus 69% de na cásanna a tháinig chun na Cúirte, titim 12% ar an mbliain roimhe sin.

Fíor 2: Achomhairc chaidrimh thionsclaíoch agus cearta fostaíochta chun na Cúirte



Féach Aguisíní [1](#) agus [2](#) le haghaidh miondealú mionsonraithe ar na príomhfhigiúirí achomhairc seo.

2.3 Éisteachtaí sceidealaithe

Bhí 1,513 éisteacht san iomlán sceidealaithe ag an gCúirt in 2023, agus bhí 4.5% díobh sin sceidealaithe i Seomra Cúirte Fíorúil. Deonaíodh 297 cur siar san iomlán le linn 2023. Tarraingíodh 753 cás siar san iomlán agus bhain 486 díobh sin le cásanna a bhí sceidealaithe le héisteacht. Bhí tionchar suntasach ag aistarraingtí den sórt sin, go háirithe nuair a tharla siad go gairid roimh an dáta sceidealta agus am na héisteachta, ar chumas na Cúirte a cuid acmhainní a bhainistiú go héifeachtach maidir le leithdháileadh am éisteachta an tseomra Cúirte.


Tháinig laghdú suntasach ar líon na n-éisteachtaí a reáchtáladh sa Seomra Cúirte Fíorúil le linn 2023.

2.4 Cásanna Caidrimh Thionscail

Fuarthas 353 cás faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946-2015. Ba é líon na gcásanna a críochnaíodh (i.e. ar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh ina leith, nó ar shocraigh an páirtí atreoraithe an cheist) in 2023 ná 186 (315 cás a tarraingíodh siar san áireamh).

Is féidir téacs gach ceann de na cásanna caidrimh thionsclaíoch inar eisigh an Chúirt moladh a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.

Fíor 3: Gníomhaíocht ar chásanna caidrimh thionscail




Tá faisnéis ar phróifíl na gcásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas agus a críochnaíodh in 2023 in [Aguisín 1](#).

2.5 Cásanna maidir le cearta fostaíochta

Ba é 788 líon na n-achomharc ar chearta fostaíochta a fuair an Chúirt in 2023. Ba é líon na gcásanna a críochnaíodh (i.e. ar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh ina leith nó ar socraíodh an t-ábhar roimh éisteacht nó ag éisteacht nó ar tarraingíodh siar an cás ag an éisteacht nó roimh an éisteacht nó an am sceidealaithe) in 2023 ná 930.

Is féidir téacs gach achomharc inar eisigh an Chúirt Cinneadh a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.


Fíor 4: Gníomhaíocht achomhairc um chearta fostaíochta



Tá faisnéis ar phróifíl na n-achomharc ar chearta fostaíochta a fuarthas, a críochnaíodh agus a tarraingíodh siar in 2023 in [Aguisín 2](#).

As na 788 achomharc um chearta fostaíochta a fuair an Chúirt le linn 2023, bhain 54.5% le hachomhairc faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2021 agus an tAcht um Íoc Pá, 1991.

Fíor 5: Gníomhaíocht Achomhairc maidir le Dífhostú Éagórach, Comhionannas agus Íocaíocht Pá



Chomh maith leis sin, tá sé mar fheidhm ag an gCúirt Oibreachais achomhairc a chinneadh faoi chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin raon iomlán reachtaíochta um chosaint fostaíochta atá ann faoi láthair.


Féach [Aguisín 2](#) le haghaidh staitisticí mionsonraithe maidir le gníomhaíocht cháis.

Caibidil 3 Atreoruithe aighnis

3.1 Treocht ar feadh cúig bliana 2018 – 2023

Chonaic an Chúirt cobhsú ar atreoruithe agus ar achomhairc chuig an leibhéal a chonacthas sna blianta roimh an bpaindéim.

Fíor 7: Líon na n-atreoruithe díospóidí fostaíochta agus tionscail 2017 – 2023



3.2 Na hAchtanna Caidrimh Thionsclaíoch in 2023

De réir an Phríomh-Oifig Staidrimh, bhí dhá dhíospóid thionsclaíoch déag ar siúl in 2023 a raibh baint ag 3,326 oibrí leo, agus bhí baint ag 4,078 oibrí le seacht ndíospóid thionsclaíoch in 2022.

Tábla 1: Díospóidí tionscail 2019 -2023

Catagóir	2023	2022	2021	2020	2019
Líon na nDíospóidí	12	7	2	8	9
Líon na nGnólachtaí	32	50	2	8	9
Líon na nOibrithe	3,326	4,078	543	22,076	42,656
Líon na Laethanta Cailte	4,203	5,256	1,515	21,704	**n/b

**Ní raibh an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann líon na laethanta a cailleadh i R4 2019 a mheas agus mar sin ní raibh siad in ann líon iomlán na laethanta a cailleadh in 2019 a sholáthar.

Foinse: an Phríomh-Oifig Staidrimh

Caibidil 4 - Gníomhaíochtaí Eile le linn 2023

4.1 An 24^ú cruinniú bliantúil de líonra EIS de Bhreithiúna na Cúirte Oibreachais Eorpaí



Toscairí ó ar fud na hEorpa ag cruinniú fáilte i gCeancheathrú CSTGT i Halla na Saoirse

D'óstáil an Chúirt Oibreachais an 24^ú cruinniú bliantúil de líonra EIS de Bhreithiúna na Cúirte Oibreachais Eorpaí i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2023. Tagann an grúpa le chéile gach bliain faoi choimirce na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Cuidíonn an EIS go rialta le forbairt ghairmiúil na mbreithiúna agus na foirne sa chúirt saothair trí ghairmoiliúint a chur ar fáil agus siompóisiamáí faisnéise a eagrú. Comhoibríonn an EIS le Cúirteanna Oibreachais Eorpacha agus reachtálann sé cruinnithe tréimhsiúla chun téamaí comhchúraim a phlé agus chun éabhlóid an dlí saothair ina dtíortha faoi seach a mheas i bhfianaise príomhchinntí breithiúnacha.

I measc na n-ábhar a pléadh i mBaile Átha Cliath in 2024 bhí “Stailceanna, seirbhísí riachtanacha agus íos-seirbhísí” agus “Dualgais agus oibleagáidí a bhaineann le hobair lasmuigh den ionad oibre agus níos faide ná am oibre”. Phléigh an líonra an laghdú dealraitheach ar rátaí atreoraithe ar fud go leor de na tíortha freisin. Tá Cúirt Oibreachais na hÉireann agus a sainchúram ag síneadh trasna réitigh

díospóide caidrimh thionsclaíoch agus cinneadh ar achomhairc bunaithe ar chearta fostaíochta uathúil ar fud bhalleagraíochtaí an líonra.

4.2 Comhchoistí Oibreachais

Déanann na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 - 2015 foráil do chóras Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), ar meicníocht é a cheadaíonn íosrátaí reachtúla pá agus coinníollacha fostaíochta a shocrú in earnálacha tionscail ar leith trí mheicníocht na nOrduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna).

Cuimsíonn CCO ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire. Is í an Chúirt a cheapann an t-oibrí agus comhaltaí an fhostóra de réir an Chúigiú Sceideal den Acht Caidrimh Thionscail 1990. Nuair a bheidh moltaí le haghaidh ORF curtha le chéile ag an CCO, ní mór é seo a chur in iúl don phobal agus uiríll a lorg. Tar éis aon uiríll den sórt sin a bhreithniú, féadfaidh an Coiste, faoi réir aon leasuithe a dhéanfaidh sé, na tograí a ghlacadh agus na tograí arna nglacadh a chur faoi bhráid na Cúirte ansin lena n-áirítear tuarascáil ó Chathaoirleach an CCO ina leagtar amach na himthosca a bhain lena nglacadh, mar aon le cóipeanna d'aon aighneachtaí nó doiciméid a bhreithnigh an CCO agus na tograí á gcur le chéile agus á nglacadh aige. Sa chás go nglacann an Chúirt leis na moltaí seoltar chuig an Aire iad ansin agus má bhíonn an tAire sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla déanann an tAire ORF a thugann éifeacht do na moltaí.

Bhí na CCOanna OFE seo a leanas ann sa bhliain 2023.

1. Oibrithe Talmhaíochta
2. Lónadóireacht
3. Seirbhísí Glantacháin ar Conradh
4. Gruagaireacht
5. Óstáin
6. Gnó Miondíola, Grósaera agus Gaolmhar
7. Tionscal Slándála
8. Earnáil Scoileanna Béarla
9. Seirbhísí Luathbhlianta

Mhol an t-athbhreithniú is déanaí faoi Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail 1946 ('an tAcht') a críochnaíodh ar an 12 Aibreán 2023 go gcoinneofaí na CCOanna go léir a bhí ina n-ábhar don Athbhreithniú ina bhfoirm reatha. Tá sonraí an athbhreithnithe sin foilsithe ar www.labourcourt.ie.

Gníomhaíochtaí sa Réimse OFE in 2023

Oibrithe Talmhaíochta

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Lónadóireacht

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Seirbhísí Glantacháin ar Conradh

Ghlac an CCO le tograí le haghaidh ORF nua ar an 23 Samhain 2023. Ag deireadh na bliana 2023 bhí I.R. 2022 fós ar marthain. ([I.R. 110 de 2022](#)).

Gruagaireacht

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Óstáin

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Gnó Miondíola, Grósaera agus Gaolmhar

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Tionscal Slándála

Shínigh an tAire ORF nua a leasaigh ORF 2017 don Tionscal Slándála le héifeacht ón 4 Meán Fómhair 2023.

Is féidir cóip den ORF (I.R. 424 de 2023) a fháil: [Anseo](#)

ORF Earnáil Scoileanna Béarla

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an CCO in 2023 agus níor cuireadh aon tograí le haghaidh ORF le chéile.

Seirbhís Luathbhlianta

Tháinig CCO na Seirbhíse Luathbhlianta le chéile roinnt uaireanta in 2023 ach níor éirigh leis moltaí a cheapadh le haghaidh ORF(anna) nua/athbhreithnithe. I mí Lúnasa 2023 cuireadh an t-ábhar OFE faoi bhráid na Cúirte Oibreachais lena mholadh mar a fhoráiltear le halt 42B(4) den Acht Caidrimh Thionscail 1946. D'éisigh an Chúirt Oibreachais moladh an 14 Meán Fómhair 2023.

[I.R. Uimh. 457 de 2022, An tOrdú um Rialáil Fostaíochta \(Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta\) Ordú Uimh. 1 2022](#)

[I.R. Uimh. 458 de 2022, An tOrdú um Rialáil Fostaíochta \(Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta\) Ordú Uimh. 2 2022](#)

4.4 Comhchomhairlí Tionscail

Is comhlacht deonach caibidlíochta é “Comhchomhairle Tionscail cháilithe” (CCT) do thionscal nó do chuid de thionscal, atá ionadaíoch d’fhostóirí agus d’oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach sa reachtaíocht um chaidreamh tionscail, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais ar chlárú agus, má shásaítear í, cuirfidh an Chúirt ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail é.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na CCTanna trí oifigeach de chuid na Cúirte a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe. Tá sonraí na CCTanna sin atá cláraithe leis an gCúirt ón 31 Nollaig 2023 san áireamh in [Aguisín 3](#).

Seachas na cúig chomhlacht ar Chlár na CCTanna, tá roinnt comhlachtaí eile ann atá ag gabháil do gníomhaíochtaí comhchosúla, ach nach ndearna iarratas ar chlárúchán e.g. an CCT maidir le Tionscal Conarthach Leictreach agus CCT Fostaithe Tionscail an Stáit. Cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach de chuid na Cúirte ar fáil chun a bheith mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin agus d’fhreastail oifigigh na Cúirte ar ocht gcruinniú den CCT Conarthach Leictreach agus cúig chruinniú de CCT Fostaithe Tionscail an Stáit i rith na bliana.

4.5 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe

Chuir an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 meicníocht ar fáil chun comhaontuithe fostaíochta idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumann a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair a chlárú.

Sainmhíneann an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 comhaontú fostaíochta mar seo a leanas:

“comhaontú a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta oibrithe d’aon aicme, cineál nó grúpa arna dhéanamh idir ceardchumann nó ceardchumann oibrithe agus fostóir amháin nó níos mó nó ceardchumann fostóirí, atá ceangailteach ar na páirtithe sa chomhaontú i leith oibrithe den aicme, den chineál nó den ghrúpa sin.”

Nuair atá an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a thíolactar na ceanglais reachtúla ábhartha cláróidh sí an comhaontú. Is é an éifeacht atá leis sin forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh infhorghníomhaithe le dlí maidir le gach oibrí den chineál aicme nó den ghrúpa a bhfuil sé sainráite go bhfuil feidhm aige maidir leis.

Gníomhaíochtaí sa Réimse OFE in 2023

Fuarthas iarratas i mí Dheireadh Fómhair 2022 ar Chomhaontú Fostaíochta a chlárú idir Cheardchumann Connect agus fostóirí a chuimsíonn an Grúpa Conraitheoirí Líne Cumhachta Lasnairde (OPCG) agus chláraigh an Chúirt é an 17 Eanáir 2023.

I.R. Uimh. 229/2023 - An tOrdú um Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe (Grúpa Conraitheoirí Líne Cumhachta Lasnairde), 2023.

Fuair an Chúirt iarratas an 6 Samhain 2023 chun an comhaontú a athrú. Bhí an t-iarratas OFE á bhreithniú ag an gCúirt ag deireadh 2023.

4.6 Orduithe Fostaíochta Earnála

Soláthraíonn Orduithe Fostaíochta Earnála (OFEanna) arna ndéanamh faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 creat reachtach a cheadaíonn Orduithe Reachtúla a dhéanamh lena bhforáiltear d'íosrátaí pá, saoire bhreiteachta agus pinsin a chur i bhfeidhm ar oibrithe d'aicme, de chineál nó de ghrúpa (lena n-áirítear printísigh) in earnáil eacnamaíoch shonraithe. Ní mór nós imeachta um réiteach díospóide a bheith in OFE freisin agus gníomhaíonn sé mar sin chun comhchuibheas tionsclaíoch a chur chun cinn agus chun corraíl thionsclaíoch a íoslaghdú.

Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Chúirt Oibreachais scrúdú a thionscnamh ar phá, pinsin agus teidlíochtaí pá breiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí sin, féadfaidh sí moladh a dhéanamh don Aire ar an ábhar. Féadfaidh na daoine OFE seo a leanas iarratas den sórt sin a dhéanamh:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe i gcomhpháirt le ceardchumann, nó eagraíocht fostóirí

Caithfidh ceardchumann na n-oibrithe agus / nó eagraíocht na bhfostóirí a bheith ionadaíoch go mór ar na hoibrithe agus na fostóirí san earnáil lena mbaineann an t-iarratas.

Má tá an tAire sásta gur chomhlíon an Chúirt forálacha an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. I gcás go ndéanfar Ordú den sórt sin beidh sé ina cheangal ar fud na hearnála lena mbaineann sé.

Gníomhaíochtaí sa Réimse OFE in 2023

OFE na hEarnála Tógála

Shínigh an tAire Stáit Ordú Fostaíochta na hEarnála Tógála i mí Aibreáin 2023 agus cuireadh tús leis an 18 Meán Fómhair 2023. Ó Mheán Fómhair 2023, méadaíodh rátaí pá íosta uaireanta agus ranníocaíochtaí pinsin íosta de réir na dtéarmaí atá leagtha amach san Ordú Féin.

Is féidir an tOrdú a fheiceáil ag an nasc thíos:

[I.R. Uimh. 207 de 2023, Ordú Fostaíochta Earnála \(Earnáil Tógála\), 2023](#)

OFE Earnáil na hInnealtóireachta Meicniúla

I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir an Ard-Chúirt Ordú Fostaíochta Earnála 2018 ar neamhní tar éis do Chomhlachas na gConraitheoirí Pluiméireachta agus Téimh dúshlán a thabhairt ina leith agus níor cuireadh aon iarratas ar OFE nua isteach in 2023.

5.0 Seirbhísí Inmheánacha

Bainistíocht Airgeadais

Tá an Chúirt Oibreachais maoinithe ag an Stáitchiste, tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas iomlán de €3,582,926 le linn 2023. Chuimsigh sé seo €2,881,567 i leith pá agus €701,359 maidir le neamhphá. Déantar airgeadas uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne iad. Chomh maith lena tairiscintí féin a shocrú maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, baineann an Chúirt leas freisin as tarraingt anuas seirbhísí ón Roinn i

réimsí mar fhoghlaim agus forbairt. Déantar monatóireacht leanúnach ar chaiteachas agus déantar athbhreithniú air ar bhonn míosúil.

Le haghaidh sonraí féach [Aguisín 5: Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2022.](#)

Seirbhís do Chustaiméirí

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais faoi Chairt agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí 2022-2024. Leagtar amach sa Chairt an leibhéal ar féidir le húsáideoirí seirbhísí a bheith ag súil leis má bhíonn deis acu leas a bhaint as seirbhísí na Cúirte. Déanann an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí cur síos ar conas a dhéanfar na gealltanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt Chustaiméirí a sheachadadh de réir na bprionsabal treorach de Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) atá glactha ar fud na seirbhíse poiblí. Is féidir an Chairt a fheiceáil ag www.labourcourt.ie

Meabhrán Tuisceana

In 2023 d’ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MoU) lena máthair-Roinn, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, chun an ceanglas faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 a chomhlíonadh agus faoi Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17 Samhain 2011 do gach Roinn, *inter alia*, Comhaontuithe Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena Comhlachtaí Stáit faoi mhí an Mheithimh 2012.

Gheall an Chúirt leibhéal comhaontaithe seirbhíse a sholáthar de réir na spriocanna insóláthartha agus na gcritéar feidhmíochta a shonraítear sa chlár oibre bliantúil a cuireadh isteach mar atá leagtha amach in [Aguisín 6](#) agus de réir na reachtaíochta ábhartha go léir.



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais



Aguisín 1: Staitisticí maidir le caidreamh thionsclaíoch

Tábla 1.1 Próifil na gcásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas.

		2022	2023
Achomharc ar Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe	Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	106	151
	Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	0	9
	Alt 45(B), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	3	2
Atreorú Díreach	Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	52	99
	Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	1	5
	Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001	0	0
	Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	0	1
	Alt 12(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015	0	1
	Alt 23(3), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015	4	9
	Alt 42B(4), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	2	2
Seirbhís Chomhréitigh	Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	79	74
Iomlán		247	353

Tábla 1.2: Gníomhaíocht cásanna caidrimh thionsclaíoch 2023 de réir catagóire

	Oibrí	Cuideachta	Tarraingthe sár	Réitithe	Moltaí/ Cinntí	Cinntí ar seasadh leo	Cinntí a cuireadh ar ceal	Éagsúil	Lasnúigh den Teorainn Ama	Aiteoírí Dírreach
Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2015	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
A7, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
A10, an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	9	0	1	0	1	1	0	0	0	0
Alt 23(3), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015	9	0	2	2	0	0	0	0	0	0
A32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
A33(1) an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Alt 12 (1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0
Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	151	0	49	7	68	28	16	21	0	3
Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	99	0	58	1	40	1	0	0	0	39
Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	5	0	0	0	2	0	0	0	0	2
Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	74	0	13	5	52	1	0	0	0	51
Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	1	0	0	0	1	0	0	0	0	1
Alt 45(B) an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	2	0	6	2	3	3	0	0	0	0
Alt 42B(4), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	2	0	0	0	1	0	0	0	0	1
Móiomlán	353	0	129	18	168	34	16	21	0	97
	Iomlán a fuarthas 353		Iomlán a críochnaíodh 315			Cinntí iomlána 168				

Aguisín 2: Staitisticí maidir le cearta fostaíochta

Tábla 2.2: Próifil na n-achomharc ar chearta fostaíochta a fuarthas

Alt /Acht /Feidhmiú	2023	2022	% athrú ó 2022
Dífhostú Éagórach	173	125	138%
Alt 8A na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977	173	125	
Comhionannas	146	97	151%
Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	145	87	
Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	1	10	
Íocaíocht Pá	112	204	55%
Alt 7, an tAcht um Íoc Pá, 1991	112	204	
Am Oibre a Eagrú	80	248	32%
Alt 28, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	80	248	
Téarmaí Fostaíochta	78	65	120%
Alt 8, an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2018	78	65	
Fógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta	37	30	123%
Alt 12A Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973	37	30	
Íocaíochtaí Iomarcaíochta	44	27	163%
Alt 39A an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967	44	27	
	15	7	214%
Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú			
Alt 11(1) Rialacháin CE (Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú), 2003	15	7	
Nochtaí Cosanta	10	6	167%
Alt 2 de Sceideal 2, an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	10	6	
Sábháilteacht, Sláinte & Leas san Ionad Oibre	32	17	188%
Alt 29, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	32	17	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)	14	29	
Alt 15, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	14	29	48%
Pá Íosta Náisiúnta	6	8	75%
Alt 29, an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	0	0	
Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015	6	8	
Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)	1	6	17%
Alt 17 an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	1	6	
Saoire do Thuismitheoirí	2	0	200%

Alt 21(1), na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	0	0	
Alt 19 (1), na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	2	0	
Gach achomharc eile a fuair an Chúirt	38	22	172%
Alt 21(2) den Acht um Fhaisnéis & Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe 1996	4	1	
Alt 32(2), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994	0	0	
Alt 27 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016	2	0	
Alt 33(1), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994	2	3	
Alt 87(4) Sceideal 6, de na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí 2007	0	1	
Alt 20(2), an tAcht um Cheartas Coiriúil 2011	1	1	
Alt 25 (2), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	4	3	
Alt 4(6), an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998	0	0	
Rialachán 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Am Oibre Daoine a dhéanann Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012	5	4	
Alt 20 (1), an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	0	2	
Alt 67(5) den Acht um Rialáil Seirbhísí Maoine 2011	1	0	
Alt 42, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint), 2000	0	1	
Sceideal 4(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú ar Theagmhais san Eitlíocht Shibhialta) 2007	0	1	
Rialachán 6 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint) 2000	2	1	
Alt 16, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Am Oibre a Eagrú) (Foireann Shoghluaiste san Eitlíocht Shibhialta), 2006	0	1	
Alt 28(7), Achomharc i gcoinne Fhógra um Chomhlíonadh	0	1	
Alt 8A(5), an tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001	3	2	
Alt 81E d'Acht na bPinsean, 1990 arna leasú ag an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	7	0	
Alt 81(1) d'Achtanna na bPinsean, 1990 go 2014	2	0	
An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977	4	0	
Sceideal 2 den Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	1		
Iomláin	788	891	88%

Aguisín 3: Comhchomhairlí Thionscail Chláraithe

Tá na sonraí seo a leanas faoi chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail i rith na tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil seo tugtha do réir cheanglais alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhchomhairle Tionscail do Thionscal na mBuataisí agus na mBróg in Éirinn
Dáta Clárúcháin: 10 Iúil 1948
Rúnaí: Bean Uasal C. Cronin/Bean Uasal C. O'Reilly, an Chúirt Oibreachais
2. Comhchomhairle Tionscail do Thrádáil Mhórdhíola Torthaí agus Glasraí Bhaile Átha Cliath
Dáta Clárúcháin: 27 Eanáir 1964
Rúnaí: Bean Uasal C. Cronin/Bean Uasal C. O'Reilly, an Chúirt Oibreachais
3. Comhchomhairle Tionscail do Thionscal na Tógála
Dáta Clárúcháin: 26 Iúil 1965
Rúnaí: Bean Uasal C. Cronin/Bean Uasal C. O'Reilly, an Chúirt Oibreachais
4. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Slándála
Dáta Clárúcháin: 12 Nollaig 2011
Rúnaí: Bean Uasal C. Cronin/Bean Uasal C. O'Reilly, an Chúirt Oibreachais
5. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Conartha Glantacháin
Dáta Clárúcháin: 19 Nollaig 2011
Rúnaí: Bean Uasal C. Cronin/Bean Uasal C. O'Reilly, an Chúirt Oibreachais

Aguisín 4: Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi aon rud sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Lansdúin
Bóthar Lansdúin
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

Guthán: (01) 613 6666 -
nó 0818 613666

Ríomhphost: info@labourcourt.ie

Suíomh Gréasáin: www.labourcourt.ie

Ceist	Rannóg iomchuí den Chúirt Oibreachais	Teagmháil
Maidir le cás ar leith <u>roimh</u> an éisteacht	An Rannóg Ríomhchlárúcháin	01 613 6666 nó 0818 613666 Ríomhphost info@labourcourt.ie
Maidir le cás ar leith <u>tar éis</u> na héisteachta	Rúnaí Cúirte Iomchuí	Mar a léiríodh ag an éisteacht
Comhchoistí Oibreachais Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála Orduithe Rialaithe Fostaíochta	Rúnaí Cúirte Iomchuí	Mar a léiríodh ag an éisteacht
Eolas ginearálta faoi chúrsaí caidrimh thionsclaíoch agus cearta fostaíochta.	Seirbhísí do Chustaiméirí um Chaidreamh san Áit Oibre	01 6136700 nó 0818 80 80 90

Aguisín 5: Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2023

Tábla 5.1 Táirgeacht na Cúirte Oibreachais, 2023

Toradh		€
Pá		2,881,567
Neamhphá		701,359
Iomlán		3,582,926

Tábla 5.2 Príomhréimsí caiteachais neamhphá

		€
Forbairt TF		€339,503
Éisteachtaí Réigiúnacha		€111,846
Trealamh & Soláthairtí Oifige		€59,221
Teileafóin Phoist		€55,600

Íocaíochtaí Pras

I rith 2023 lean an Chúirt ar aghaidh ag comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002.

Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2023

Cuspóir Straitéiseach	Cuspóir
<p>Cuspóir Straitéiseach 1: Seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar d'úsáideoirí cúirte</p>	<p>Próiseáil, liostú agus bainistiú feabhsaithe cásanna a sheachadadh.</p>
	<p>A chinntiú go dtugtar tacaíocht do gach suí Cúirte atá sceidealta chun freastal ar riachtanais gach úsáideora.</p>
	<p>Buntaca a thabhairt do choincheap na Cúirte Oibreachais mar chúirt na rogha deiridh i gcás díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus mar an comhlacht achomhairc aonair do gach gearán a dhéantar faoi chomhlacht an dlí fostaíochta le féiniúlacht láidir branda agus feabhas a chur ar chumarsáid leis an bpobal</p>
	<p>Caighdeáin seirbhíse custaiméara cuí a fhorbairt</p>
<p>Cuspóir Straitéiseach 2: Comhaltaí Cúirte agus foireann riaracháin a fhorbairt agus tacú leo</p>	<p>Tacú le forbairt foirne riaracháin trí riachtanais oiliúna reatha agus amach anseo a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus a chinntiú go gcuirtear na scileanna, an t-eolas agus an taithí ar fáil don fhoireann go léir le feidhmiú agus forbairt laistigh dá ról</p>
	<p>Foráil a dhéanamh d'aistriú eolais chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú nuair a bhogann an fhoireann riaracháin de bharr ardú céime, soghluaisteachta nó scoir.</p>
	<p>Feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach</p>
	<p>Leanúint leis an gclár forbartha gairmiúla do Chomhaltaí Cúirte</p>
<p>Cuspóir Straitéiseach 3: Teicneolaíocht a bharrfheabhsú agus próiseas cásbhainistithe a fheabhsú</p>	<p>Éifeachtúlachtaí a ghiniúint trí úsáid níos mó a bhaint as seachadadh seirbhíse ar líne</p>
	<p>Próisis agus sreafaí oibre níos éifeachtaí a shainaitheint agus a chur i bhfeidhm</p>
	<p>Feabhas a chur ar www.labourcourt.ie chun rochtain fheabhsaithe agus éasca le húsáid ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar líne a sholáthar d'úsáideoirí cúirte.</p>
<p>Cuspóir Straitéiseach 4: Rialachas éifeachtach a chinntiú</p>	<p>Leanúint ar aghaidh ag cloí le ceanglais RFTF maidir le pleanáil gnó, bainistíocht riosca, bainistíocht taifead, soláthar poiblí, nósanna imeachta airgeadais, RGCS agus Saoráil Faisnéise.</p>

AN CHÚIRT OIBREACHAIS

Teach Lansdúin
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3

Teil: 01 6136666
nó 0818 613666

Ríomhphost: info@labourcourt.ie

Suíomh Gréasáin: www.labourcourt.ie



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

